Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú
Irish National Accreditation Board

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Straitéis Creidiúnaithe

**Tuigtear go bhfuil ról lárnach ag an gcreidiúnú maidir le muinín a chothú as fiontair, gnó agus seirbhísí poiblí na hÉireann.**

2022-2026





# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| **01** An Brollach | 3 |
| **02** An Réamhrá | 4 |
| **03** Cúlra an chreidiúnaithe | 6 |
| **04** Fís straitéiseach agus prionsabail | 9 |
| **05** Tosaíochtaí straitéiseacha, spriocanna agus cuspóirí | 11 |
| **06** Tairbhí an chreidiúnaithe | 16 |
| **07** Torthaí straitéiseacha | 20 |
| **08** An straitéis a chur i gcrích agus feidhmíocht a thomhas | 21 |

| | |
|---|---|
| **Aguisín I Forbairt na Stráitéise** | **22** |
| **Aguisín II Ábhar Tagartha** | **24** |




## Fís

Tuigtear go bhfuil ról lárnach ag an gcreidiúnú maidir le muinín a chothú as fiontair, gnó agus seirbhísí poiblí na hÉireann.

## Tosaíochtaí

- Bonn Eolais a Chur Faoin mBeartas Náisiúnta agus Tionchar a Imirt Air
- Feasacht agus Rannpháirtíocht a Chur chun cinn
- Glacadh agus Feidhmiú an Chreidiúnaithe a Mhéadú
- Acmhainn agus Bonneagar a Sholáthar

## Torthaí

- Iontaoibh
- Muinín
- Inniúlacht

## Prionsabail

- Rialachas
- Neamhspleáchas
- Comhar
- Barr Feabhais
- Nuálaíocht

INAB

# 1 An Brollach



**Damien English TD,**
An tAire Stáit do Ghnó,
Fostaíocht agus Miondíol

**Cloch mhíle thábhachtach a gcuirtear fáilte roimpi é forbairt na chéad Straitéise Creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), cuid den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Táim buíoch as tiomantas agus obair gach duine a d'fhorbair an plean luachmhar 5 bliana seo.**

Sa straitéis nua seo atá dírithe ar an todhchaí, leagtar amach an chaoi a mbainfidh Éire tairbhe iomlán as an gcreidiúnú agus a mbeidh tionchar dearfach aige ar gheilleagar agus shochaí na hÉireann.

Is iad an rialtas, an tomhaltóir agus an tionscal is mó a bhaineann tairbhe as an gcreidiúnú. Cabhraíonn sé leis an rialtas le comhlachtaí inniúla agus gairmiúla a lorg chun ár gcuid spriocanna beartais agus rialála a bhaint amach. Cothaíonn sé muinín sa tomhaltóir as cáilíocht na dtáirgí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad. Méadaíonn sé éifeachtúlacht, nuálaíocht, agus sábháilteacht sa tionscal. Tá ról riachtanach ag an gcreidiúnú freisin maidir le rochtain a mhéadú ar mhargaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus buntáiste iomaíoch a sholáthar do tháirgí agus seirbhísí na hÉireann.

Cuirfear an Straitéis Creidiúnaithe i gcrích trí bhearta sonracha, mionsonraithe a bheidh dírithe ar aird a tharraingt ar na tairbhí forleathana a bhaineann leis an gcreidiúnú trína tosaíochtaí lárnacha mar atá:

- **bonn eolais a chur faoin lucht déanta beartas náisiúnta ar fud an rialtais chun leas a bhaint as tairbhí don iomaíochas, don ghnó, don tsábháilteacht, agus do chothú muiníne chun feabhsúcháin spriocdhírithe a dhéanamh ar an ngeilleagar,**
- **ról agus tábhacht an chreidiúnaithe a chur in iúl do pháirtithe leasmhara agus don phobal chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú,**
- **glacadh an chreidiúnaithe dá ndeoin féin ag fiontair de gach méid a chur chun cinn, agus**
- **fáil agus nuálaíocht an chreidiúnaithe a mhéadú d'fhonn cáilíocht tháirgí agus sheirbhísí na hÉireann a fheabhsú.**

I ngeilleagar a bhíonn ag éirí níos iomaíche agus níos domhandaithe i gcónaí, go háirithe agus muid ag teacht as paindéim sláinte, go cúramach agus diaidh ar ndiaidh, tá sé ríthábhachtach do rath na hÉireann san fhadtéarma go gcomhlíonfadh nó go sáródh na táirgí agus na seirbhísí a tháirgimid na caighdeáin idirnáisiúnta ar an mbealach is éifeachtúla, is táirgiúla agus is sábháilte, agus tá an creidiúnú ina uirlis thábhachtach chun an aidhm sin a bhaint amach.

**Damien English TD,**
An tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol



2


# An Réamhrá

**Tá áthas orainn an chéad Straitéis Creidiúnaithe de chuid na hÉireann a chur i láthair. Ba é Bord Náisiúnta na hÉireann don Chreidiúnú (INAB), cuid den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), a d’fhorbair an Straitéis seo agus leagtar amach inti fís agus treochlár uaillmhianach don chreidiúnú ó 2022 go 2026.**

Forbraíodh an Straitéis i gcomhthéacs éiginnteachta a chruthaigh an phaindéim dhomhanda, na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta mar thoradh ar an gcur isteach ar an aeráid, agus athruithe ar chomhpháirtíochtaí trádála agus bagairtí cibearshlándála. Ar fud na tíre agus ar fud an domhain, cuireann na héiginnteachtaí sin dúshláin roimh lucht déanta beartas, fiontair agus an tsochaí; aithnítear sa Straitéis seo go dtacóidh earraí agus seirbhísí creidiúnaithe leis an rialtas, le rialálaithe, le fiontair agus leis an tsochaí chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Cuireadh isteach go mór ar gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus na torthaí leanúnacha ar imeacht an Ríochta Aontaithe (RA) ón Aontas Eorpach (AE). Mheas an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) mura dtarlódh an phaindéim, go mbeadh aschur breise de €24 billiún ag geilleagar na hÉireann i rith 2020 agus 2021, gan aon bhliain eile san áireamh.[3] D’ainneoin comhaontú trádála sínithe idir AE agus RA, d’fhéadfadh go gcuirfeadh difríocht idir rialacháin agus caighdeáin baic roimh an trádáil, rud nach raibh ann cheana.

Tá creidiúnú riachtanach don trádáil, rud a léiríonn an tábhacht faoi leith a bhaineann leis don gheilleagar Agus comhaontuithe idirnáisiúnta mar bhonn agus taca aige, baineann an creidiúnú, mar a sholáthraíonn INAB é, na bacainní roimh an trádáil idirnáisiúnta le haghaidh ghnóthaí na hÉireann. Trí rochtain ar an margadh a éascú le haghaidh tháirgí agus sheirbhísí na hÉireann, beidh ról tábhachtach aige maidir le tacú le fás eacnamaíoch na hÉireann sa todhchaí.



***Beidh caidrimh a chothú, comhaontais straitéiseacha a bhunú agus comhar ar gach leibhéal ríthábhachtach chun na pleananna uaillmhianacha a chur i gcrích mar atá leagtha amach le haghaidh na gcúig bliana atá le teacht***

Is é lomchlár na fírinne ná, mar gheall ar thionchair an athraithe aeráide faoi láthair agus sa todhchaí, nach mór don lucht déanta beartas agus don tsochaí pleananna gníomhaíochta soiléire a chur i bhfeidhm chun foráil le haghaidh todhchaí inbhuanaithe. Tá ról lárnach ag an gcreidiúnú cheana maidir le hinniúlacht na bhfíoraitheoirí astaíochta a dhearbhú; trí chóras creidiúnaithe um bainistíocht fuinnimh agus chomhshaoil a chur i bhfeidhm, baineann fiontair leas as tairbhí eacnamaíocha iarbhír agus inbhuanaithe. Is léir gur féidir tacú le forbairt inbhuanaithe agus ról dearfach a ghlacadh sa ghníomhú ar son na haeráide trí fheidhmiú an chreidiúnaithe.

Is tábhachtach freisin go bhféadfadh an tsochaí a bheith ag súil le seirbhísí poiblí sláinte agus sábháilteachta ardcháilíochta, agus go mbeadh iontaoibh acu astu. Is é atá i gcreidiúnú ná an próiseas a úsáidtear chun inniúlacht na seirbhísí tástála, cigireachta agus deimhnithe a léiriú thar raon leathan gníomhaíochtaí sa chúram sláinte, sa cháilíocht bia agus uisce, sa tsábháilteacht táirgí agus i mbainistíocht slándála faisnéise.

Beidh caidrimh a chothú, comhaontais straitéiseacha a bhunú agus comhar ar gach leibhéal ríthábhachtach chun na pleananna uaillmhianacha a chur i gcrích mar atá leagtha amach sa Straitéis seo le haghaidh na gcúig bliana atá le teacht. Cabhróidh na comhpháirtíochtaí sin le tacaíocht agus aitheantas a bhaint amach don chreidiúnú. Chun glacadh an chreidiúnaithe a mhéadú, feabhsófar scéimeanna atá ann faoi láthair agus forbrófar níos mó nuálaíochta chomh maith le tairiscint níos cuimsithí don chreidiúnú. Cuirfear chun cinn na tairbhí ar féidir le geilleagar agus sochaí na hÉireann a bhaint as an gcreidiúnú chun feasacht faoin gcreidiúnú agus a ghlacadh a mhéadú. Trí thairbhí agus ról an chreidiúnaithe thar líonra láidir a chur in iúl feabhsófar tacaíocht dó agus tuiscint air, agus méadófar muinín. Trí chomhpháirtíochtaí éifeachtacha, lorgóidh INAB deiseanna le haghaidh creidiúnú trí hailíniú le straitéisí agus tosaíochtaí eile de chuid an rialtais.

Chun an Straitéis seo a chur i gcrích go rathúil agus deiseanna a thapú, leanfaidh INAB ar aghaidh lena bhéim straitéiseach agus a dhearcadh réamhghníomhach, chun cinntiú go bhfuiltear réidh le haghaidh tuilleadh athrú eacnamaíoch agus sóisialta amach anseo. Cuirfidh sé struchtúr láidir i bhfeidhm, lorgóidh sé na hacmhainní riachtanacha chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé a shainordú, agus neartóidh sé caidrimh ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta, d'fhonn feasacht a ardú faoi riachtanais chreidiúnaithe na hÉireann.

Le cur i bhfeidhm na Straitéise Creidiúnaithe leagtar amach bealach soiléir d'Éirinn chun leas a bhaint as an iomaí tairbhe a bhaineann leis an gcreidiúnú. Táimid ag súil le bheith ag obair i gcomhar lenár gcliaint, ár gcomhpháirtithe agus ár bpáirtithe leasmhara chun fís na Straitéise a chomhlíonadh.

**An Dr Adrienne Duff,**
*An Bainisteoir Cláir,*
*Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú*

**An Dr Sharon McGuinness,**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,*
*an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta*

**Ita Kinahan,**
*An Cathaoirleach,*
*an Bord um Chreidiúnú*

**Tom Coughlan,**
*An Cathaoirleach,*
*an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta*



3

# Cúlra an chreidiúnaithe

## Cad is creidiúnú ann?

Scrúdaítear táirgí, seirbhísí agus córais chun a chinntiú go gcomhlíonann siad, ar dtús agus go leanúnach, na ceanglais shonraithe atá leagtha amach sa reachtaíocht nó sna caighdeáin. Is é atá na scrúduithe sin, ar a dtugtar ***measúnú comhréireachta***, ná trialacha, cigireachtaí, calabruithe, fíoruithe, agus deimhnithe. Tugtar ***comhlachtaí um measúnú comhréireachta (CMCanna)*** ar na heagraíochtaí a dhéanann measúnú comhréireachta agus is gné thábhachtach iad de bhonneagar náisiúnta a bhíonn mar bhonn agus taca ag trádáil, cáilíocht agus caighdeáin arda.

Is é atá sa ***chreidiúnú*** ná an measúnú neamhspleách ar CMCanna d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear neamhspleách, neamhchlaonta agus inniúil chun tabhairt faoi chúraimí measúnaithe comhréireachta. Bronnann comhlacht náisiúnta creidiúnaithe creidiúnú de réir caighdeáin aitheanta. In Éirinn, feidhm de chuid INAB is ea sin.

Clúdaítear gach earnáil mhargaidh leis an gcreidiúnú agus cothaíonn a nádúr neamhspleách iontaoibh agus muinín as cáilíocht agus sláine táirgí agus seirbhísí. Trí chreidiúnú a fháil cumasaítear glacadh le táirgí agus seirbhísí ar fud an domhain, mar go mbaineann an sprioc *"tástáil nó deimhniú uair amháin, glactha gach áit"* leo. Cuireann an cumas táirgí agus seirbhísí a bhogadh isteach i margaí difriúla gan tástáil ná fíorú tánaisteach le héifeachtúlacht na trádála idirnáisiúnta le haghaidh custaiméirí agus soláthróirí.

## INAB agus creidiúnú in Éirinn

Tá INAB ina chuid de HSA agus bunaítear é faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.[1] Is é an t-aon chomhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn a cheapann an rialtas é, agus aithnítear é sa Choimisiún Eorpach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.[2]

Soláthraíonn INAB creidiúnú CMCanna de réir caighdeáin idirnáisiúnta trí shraith de phiarmheasúnuithe, chun a n-inniúlacht, a n-ionracas agus a neamhspleáchas a dhearbhú chun seirbhísí tástála, cigireachta, deimhnithe, fíoraithe agus calabraithe a chur i gcrích.

Is é INAB ionadaí na hÉireann ar fhóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta ar chreidiúnú, agus é ag cur go gníomhach le beartas agus ag leasanna na hÉireann cur chun cinn. Coimeádtar aitheantas idirnáisiúnta ar chreidiúnú INAB trí shraith de chomhaontuithe iltaobhacha.

Soláthraíonn INAB creidiúnú in Éirinn i dtimpeallacht leathan eacnamaíoch, rialála agus beartais phoiblí.

Sa réimse rialáilte, tugtar sainordú do chreidiúnú, áit nach mór do tháirgí (e.g. innealra) ceanglais shonracha a chomhlíonadh le gur féidir iad a chur ar an margadh. Roghnaigh lucht déanta beartas náisiúnta an creidiúnú mar an rogha sásra chun inniúlacht a léiriú i gcritéir bhronnta le haghaidh conarthaí náisiúnta (m.sh. tástáil carranna, scagadh míochaine diagnóiseach).

Nuair a roghnaíonn eagraíochtaí creidiúnú a fháil dá ndeoin féin, déanann siad amhlaidh chun go seasfadh a ngnó amach sa mhargadh agus chun dhearbhú neamhspleách a fháil ar a n-inniúlacht chun a gcuid seirbhísí a sholáthar.

Áirítear le heagraíochtaí atá creidiúnaithe in Éirinn fiontair bheaga dhúchasacha a fhostaíonn níos lú ná cúigear; eagraíochtaí móra na hearnála poiblí a thacaíonn le riarachán an Stáit; agus fiontair mhóra a bhfuil ról lárnach acu i mbeartais na hÉireann um infheistíocht dhíreach choigríche.

Riartar creidiúnú trí chlár cuimsitheach de mheasúnuithe bliantúla ar an láthair le measúnóirí thar a bheith saineolach.

Tá feidhmiú an chreidiúnaithe mar a sholáthraíonn INAB tar éis athrú agus forbairt go tapa le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar athruithe leanúnacha ar an ngeilleagar agus ar an mbeartas poiblí ar nós imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus phaindéim COVID-19. Le measúnú comhréireachta creidiúnaithe, cothaítear iontaoibh agus muinín i measc tomhaltóirí as sábháilteacht táirgí agus tástáil cúraim sláinte a dheimhniú.


Mar aitheantas do dhúshláin nua agus ionchais go mbeadh caighdeáin arda i gceist, bíonn INAB i gcónaí ag athrú agus ag méadú chun gníomhaíocht éagsúil nua a thabhairt chuig an margadh, mar shampla, i réimse na cosanta sonraí, bithbhaincéireachta agus seirbhísí iarbháis.

Tríd an Straitéis a chur i gcrích, beidh an creidiúnú cumhdaithe sa bheartas poiblí, aithneofar go soláthraíonn sé luach iomaíoch iarbhír, agus glacfar leis mar an bonn le haghaidh muinín tomhaltóirí as earraí agus seirbhísí.

## Tábhacht an bhonneagair náisiúnta cáilíochta

Nuair a cheannaíonn fiontair, údaráis phoiblí agus tomhaltóirí earraí agus seirbhísí, bítear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na sonraíochtaí agus na caighdeáin is infheidhme. Chun an mhuinín sin a chothú agus freastal ar ionchais, tá córas náisiúnta i bhfeidhm de chaighdeáin, comhaontuithe, cóid agus rialacháin a cheaptar agus a chuirtear i bhfeidhm go dian.

Tugtar an Bonneagar Náisiúnta Cáilíochta ar an gcóras náisiúnta sin.[4]



**Creidiúnú**
Déantar cinnte go mbíonn siad siúd a dhéanann measúnú comhréireachta, tástáil, deimhniú agus cigireacht inniúil chun déanamh amhlaidh

**Caighdeánú**
Cruthaítear na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuireann síos ar dhea-chleachtas maidir leis an gcaoi a ndéantar rudaí

**Tomhas**
Cuirtear i bhfeidhm sonraíochtaí agus caighdeáin chun cruinneas, bailíocht agus comhsheasmhacht a chinntiú

**Measúnú comhréireachta**
Is é atá i gceist leis ná tástáil, cigireacht agus deimhniú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann cáilíocht, feidhmíocht, iontaofacht nó sábháilteacht táirgí sonraíochtaí agus caighdeáin sula dtéann siad ar an margadh

**Faireachas margaidh**
Seiceáiltear cibé acu an gcomhlíonann táirgí na riachtanais sábháilteachta is infheidhme

**Tá roinnt príomhcholún sa Bhonneagar Náisiúnta Cáilíochta, ar minic a chuirtear i láthair iad mar a thaispeántar i bhFíor 1.**

Tacaíonn Bonneagar Náisiúnta Cáilíochta aitheanta le trádáil idirnáisiúnta agus éascaíonn sé í, mar bhonn faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála faoi dheireadh a chur le bacainní teicniúla ar thrádáil. Baintear é sin amach trí chomhghlacadh leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus trí chomhaitheantas an mheasúnaithe comhréireachta agus an chreidiúnaithe, chun sprioc na saorthrádála a bhaint amach mar atá "*tástáil nó deimhniú uair amháin, glactha gach áit*".

Cé gur gnéithe tábhachtacha iad na cúig cholún sa Bhonneagar Náisiúnta Cáilíochta, aithnítear an **creidiúnú** mar an leibhéal is airde de rialú sa chóras comhréireachta. Tá an acmhainn theicniúil agus an inniúlacht ag comhlachtaí creidiúnaithe chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh le hionracas agus le neamhchlaontacht. Agus é á úsáid in earnálacha rialáilte agus i réimsí deonacha, méadaíonn an creidiúnú an mhuinín as an measúnú comhréireachta.

***Soláthraíonn INAB creidiúnú in Éirinn i dtimpeallacht leathan eacnamaíoch, rialála agus beartais phoiblí.***





4

# Fís straitéiseach agus prionsabail

## Fís straitéiseach

> Tuigtear go bhfuil ról lárnach ag an gcreidiúnú maidir le muinín a chothú as fiontair, gnó agus seirbhísí poiblí na hÉireann.

Beidh an creidiúnú ina thionchar dearfach sa chinnteoireacht bheartais agus tacóidh sé go mór le leasanna na hÉireann ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá ag an gcreidiúnú i dtrádáil Eorpach agus idirnáisiúnta a oscailt, beidh ról tábhachtach aige i dtéarnamh eacnamaíoch agus i rath fadtéarmach na hÉireann go leanúnach.

Tríd an Straitéis seo a chur i gcrích, cruthófar aitheantas agus feasacht fhorleathan ar fud an phobail faoin ról agus faoi na tairbhí a bheidh le baint as an gcreidiúnú do shochaí na hÉireann. Aithneofar é mar rud a chothaíonn iontaoibh agus muinín as táirgí agus seirbhísí na hÉireann i measc an rialtais, an tionscail agus tomhaltóirí.

Trí níos mó rannpháirtíochta sa chreidiúnú, feabhsóidh fiontair a n-iomaíochas agus beidh rialálaithe in ann brath ar chreidiúnú le haghaidh chomhlíonadh láidir na reachtaíochta.

**Tionchar dearfach ar an gcinnteoireacht bheartais**

**Ionadaíocht láidir a dhéanamh ar leasanna na hÉireann ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta**

**An trádáil Eorpach agus idirnáisiúnta a oscailt**


**Aitheantas agus feasacht phoiblí**

**Iomaíochas a fheabhsú**

**Comhlíonadh láidir na reachtaíochta**

# Prionsabail chun an fhís straitéiseach a chomhlíonadh

**Treoraítear cur i gcrích rathúil na Straitéise Creidiúnaithe le cúig phrionsabal lárnacha.**




## Is iad na prionsabail lárnacha sin:

**1. Neamhspleáchas**
Breithiúnas maith agus neamhchlaontacht a chleachtadh chun claonadh agus coimhlint leasa a dhíbirt nuair atáthar ag plé leis an rialtas, le gnóthaí agus leis an bpobal.

**2. Comhar**
A bheith oscailte, cairdiúil agus oibriú as lámh a chéile le páirtithe leasmhara creidiúnaithe chun an chomhfhís straitéiseach a chomhlíonadh.

**3. Rialachas**
Na caighdeáin is airde de rialachas a chleachtadh agus an Straitéis Creidiúnaithe á cur i gcrích, agus oscailteacht, trédhearcacht, comhsheasmhacht, cothroime agus ionracas a léiriú.

**4. Barr Feabhais**
Cloí leis na caighdeáin is airde agus is féidir de shaineolas creidiúnaithe, d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an Straitéis i bhfeidhm go héifeachtach.

**5. Nuálaíocht**
Cultúr nuálaíochta a éascú agus a spreagadh chun deiseanna nua creidiúnaithe oibriúcháin agus straitéisigh a lorg, fáilte a chur roimh an athrú, agus seirbhísí tráthúla agus éifeachtacha a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i réimse an chreidiúnaithe.




# 5

# Tosaíochtaí straitéiseacha, spriocanna agus cuspóirí

**Treoróidh ceithre thosaíocht straitéiseacha an Straitéis Creidiúnaithe i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana.**

| | |
|---|---|
| **TOSAÍOCHT 1** | Bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta agus tionchar a imirt air |
| **TOSAÍOCHT 2** | Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn |
| **TOSAÍOCHT 3** | Glacadh agus feidhmiú an chreidiúnaithe a mhéadú |
| **TOSAÍOCHT 4** | Acmhainn agus bonneagar a sholáthar |

# Tosaíocht 1:

## Bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta agus tionchar a imirt air

**Toradh measta:** Tá tuiscint níos fearr ag páirtithe leasmhara lárnacha ar ról lárnach an chreidiúnaithe, leagann siad luach air agus déanann machnamh ar é a chur san áireamh nuair atá beartais agus rialacháin nua á dtabhairt isteach i réimsí ábhartha. Déantar ionadaíocht láidir ar leasanna na hÉireann ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta.

### Sprioc 1:
**Bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta agus tionchar a imirt air**

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1** | Taighde a choimisiúnú chun anailís a dhéanamh ar thairbhí an chreidiúnaithe, iad a chainníochtú agus a fhíorú |
| **Cuspóir 2** | Ábhar a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú leis an gcreidiúnú go náisiúnta ar fud an rialtais, an tionscail agus na sochaí |

### Sprioc 2:
**Féachaint le tionchar a imirt ar lucht déanta beartas agus rialálaithe náisiúnta chun an creidiúnú a chuimsiú i gcinnteoireacht bheartais**

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 3** | Príomhról a ghlacadh maidir leis an treo a leagtar amach ar leibhéal AE a chur in iúl agus a aistriú don lucht déanta beartas i dtaca le feidhmiú an chreidiúnaithe in Éirinn |
| **Cuspóir 4** | Rannpháirtíocht dhearfach a fhorbairt leis an rialtas agus le comhlachtaí ionadaíocha tionscail chun úsáid na seirbhísí creidiúnaithe a mhéadú ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha |
| **Cuspóir 5** | Tionchar a imirt ar fhorbairt straitéisí ábhartha náisiúnta agus eagraíochta chun ailíniú leis an Straitéis Creidiúnaithe |

### Sprioc 3:
**Réimsí earnála straitéiseacha a aithint áit ar féidir tairbhí a bhaint as an gcreidiúnú agus díriú ar na réimsí sin**

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 6** | Freagairt réamhghníomhach ar athrú polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíoch, comhshaoil agus dlí a chumasú trí fhaire na fáistine |
| **Cuspóir 7** | Earnálacha agus seirbhísí sprice sonracha a aithint áit a mbaintear an leas is mó as feidhmiú an chreidiúnaithe |
| **Cuspóir 8** | Líonraí láidre a fhorbairt chun tionchar a imirt ar bheartas agus leasanna na hÉireann a léiriú ar leibhéal AE agus tacú le seasamh na hÉireann i bhfóraim idirnáisiúnta trí bhallraíocht reatha i gComhar Eorpach don Chreidiúnú (EA) |

# Tosaíocht 2:

## Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn

**Toradh measta:** An creidiúnú a aithint níos fearr mar ghné riachtanach chun muinín agus iontaoibh a chothú as táirgí agus seirbhísí na hÉireann, mar chomhartha de chaighdeáin ardcháilíochta agus mar bhealach le comhlíonadh rialála a bhaint amach. Forbraítear comhpháirtíochtaí láidre agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara straitéiseacha chun aithint an chreidiúnaithe agus tuiscint air a fheabhsú ar fud earnálacha.

### Sprioc 4:
### Tacaíocht don chreidiúnú agus tiomantas dó a chothú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhar

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 9** | Straitéis chumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tuiscint agus feasacht ar an gcreidiúnú a mhéadú |
| **Cuspóir 10** | Oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí chun tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn, comhroinnt eolais a fheabhsú agus faisnéis a mhalartú |
| **Cuspóir 11** | Fóram 'ghuth an chliaint' a bhunú chun aiseolas a chumasú agus a gcuid seirbhísí creidiúnaithe a chur chun cinn |
| **Cuspóir 12** | Plé le grúpaí earnála chun foghlaim agus eolas a chomhroinnt, agus chun líonraí a fhás |

### Sprioc 5:
### Tairbhí agus ról an chreidiúnaithe a chur in iúl

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 13** | Creidiúnú a chur chun cinn agus branda INAB a fhorbairt |
| **Cuspóir 14** | Tábhacht an chreidiúnaithe a chur in iúl mar rud a éascaíonn an trádáil idirnáisiúnta agus a chumasaíonn rochtain ar an margadh le haghaidh fhiontair na hÉireann |
| **Cuspóir 15** | Luach agus tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn trí fhóraim phoiblí, i dteanga inrochtana agus intuigthe |

# Tosaíocht 3:

## Glacadh agus feidhmiú an chreidiúnaithe a mhéadú

**Toradh measta:** Méadú ar fheidhmiú an chreidiúnaithe, rud a chuireann fíorluach agus rochtain fheabhsaithe ar fáil do chliaint. Seirbhísí coimhdeacha ar fáil a leathnaíonn an t-eispéireas creidiúnaithe agus a thugann níos mó tacaíochta d'úsáideoirí an chreidiúnaithe.

### Sprioc 6:
### Deiseanna a thapú chun feidhmiú an chreidiúnaithe a mhéadú in earnálacha nua agus reatha

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 16** | Raon feidhme na gníomhaíochta creidiúnaithe atá ar fáil a mhéadú ar aon dul le héileamh margaidh na hÉireann agus forbairtí idirnáisiúnta chun tairiscint an chreidiúnaithe agus an bonn cliant a leathnú |
| **Cuspóir 17** | Treochlár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh iontráil agus fás in earnálacha spriocdhírithe |

### Sprioc 7:
### Tairiscint nuálach agus chuimsitheach creidiúnaithe a fhorbairt trí raon feidhme na seirbhísí breisluacha a leathnú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 18** | Tacú le ranna rialtais chun infheistíocht ón gcoigríoch a mhealladh go hÉirinn mar chuid d'Éirinn Dhomhanda |
| **Cuspóir 19** | Iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha le haghaidh soláthar seirbhísí oiliúna |
| **Cuspóir 20** | Cumas forbartha gnó a sholáthar sa Chomhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe chun gníomhaíocht nua a thabhairt chuig an margadh |

### Sprioc 8:
### Rochtain ar an gcreidiúnú a fheabhsú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 21** | Measúnú ar struchtúr táillí a choimisiúnú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail costas le haghaidh seirbhísí creidiúnaithe |
| **Cuspóir 22** | Sásraí a iniúchadh chun glacadh a spreagadh |
| **Cuspóir 23** | Éifeachtúlacht a fheabhsú sa phróiseas creidiúnaithe chun taithí an úsáideora a fheabhsú agus chun réitigh éifeachtacha chreidiúnaithe a chur ar fáil |

# Tosaíocht 4:

## Acmhainn agus bonneagar a sholáthar

**Toradh measta:** Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe ag a bhfuil struchtúr láidir agus na hacmhainní riachtanacha chun bheith mar bhonn agus taca faoin Straitéis Creidiúnaithe agus na seirbhísí gaolmhara agus chun iad a chur ar fáil go héifeachtach.

| **Sprioc 9:**<br>**Rialachas, dearadh eagraíochta agus struchtúr an Chomhlachta Náisiúnta Creidiúnaithe a fhorbairt d'fhonn a chinntiú gur féidir leis a chúram a chomhlíonadh agus an Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích** | |
|---|---|
| **Cuspóir 24** | Athbhreithniú agus dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí ó Athbhreithniú Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ar Struchtúr agus Seasamh 2020 ionas gur féidir leis an gComhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe a shainordú amach anseo a chomhlíonadh |
| **Cuspóir 25** | Rialachas láidir agus trédhearcach a fhorbairt chun an Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích |

| **Sprioc 10:**<br>**Cur i gcrích na Straitéise Creidiúnaithe a ailíniú le Straitéis an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) chun an fhoireann, na hacmhainní airgeadais agus an tacaíocht a theastaíonn a chur ar fáil** | |
|---|---|
| **Cuspóir 26** | Plé leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) chun maoiniú na hearnála poiblí a chinntiú chun riachtanais acmhainní creidiúnaithe faoi láthair agus amach anseo a chomhlíonadh |
| **Cuspóir 27** | Plean straitéiseach fórsa oibre a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais acmhainne chun an Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích |
| **Cuspóir 28** | Acmhainn agus cumas oibriúcháin a mhéadú trí thionscnaimh leanúnacha um fheabhas agus nuálaíocht, agus cláir oiliúna fheabhsaithe |



6

# Tairbhí an chreidiúnaithe

**Tá ról tábhachtach ag an gcreidiúnú a théann chun tairbhe an gheilleagair, na comhlíontachta rialála agus na sochaí.**

**trádáil a chumasú**

**táirgiúlacht a spreagadh**

**an pobal a chosaint**

**beartas agus rialáil a fheabhsú**

Is léir na tairbhí is suntasaí ó thaobh an gheilleagair sa ról ríthábhachtach a bhíonn ag an gcreidiúnú maidir le trádáil a chumasú agus táirgiúlacht a spreagadh, a mbaineann tábhacht faoi leith leis an dá rud le haghaidh iomaíochas fiontar in Éirinn, caighdeáin mhaireachtála níos fearr agus chaighdeán na beatha.[5]

Le feidhmiú méadaithe an chreidiúnaithe sa reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta aithnítear na tairbhí a bhaineann le measúnú comhréireachta creidiúnaithe ó thaobh dearbhú a thabhairt maidir le monatóireacht agus comhlíontacht rialála. Tá córas creidiúnaithe na hÉireann i suíomh idéalach chun tacaíocht luachmhar a thabhairt d'fhiontair dhúchasacha ar mian leo creataí rialála AE a chomhlíonadh agus tairbhe a bhaint as margaí trádála AE.

Treisítear agus neartaítear muinín na sochaí as cáilíocht earraí agus seirbhísí nuair a bhíonn sí bunaithe ar chóras láidir measúnaithe agus dearbhaithe, rud a chuireann an creidiúnú ar fáil.

Leagtar amach sa Straitéis Creidiúnaithe treochlár don chaoi a mbainfear amach tairbhí an chreidiúnaithe i ngeilleagar agus sochaí na hÉireann as seo go ceann cúig bliana.

# Trádáil a chumasú

Mar gheilleagar oscailte beag, braitheann Éire go mór ar a margadh onnmhairí. Dar le figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), ba é luach iomlán onnmhairí na hÉireann ná €160 billiún in 2020,[6] agus chuaigh tuairim agus 40% d'onnmhairí na hÉireann chuig an margadh Eorpach aonair. Chun go bhfeidhmeodh an margadh Eorpach aonair go héifeachtach, ní mór do gach tír bacainní roimh an trádáil a dhíbirt agus muinín a bheith aici as cáilíocht earraí agus seirbhísí a tháirgtear i mBallstáit eile. Agus an tAontas Eorpach mar an margadh onnmhairí is mó do 80 tír[7], tá ról ríthábhachtach ag an gcreidiúnú i dtacú le comhtháthú an mhargaidh aonair agus trádáil réidh a éascú idir Éire agus an chuid eile de AE.

Go deimhin, tá sé sonraithe ag an gCoimisiún Eorpach, go bhfuil an creidiúnú riachtanach chun margadh trédhearcach a bhíonn dírithe ar cháilíocht a fheidhmiú mar is ceart.[8]

Leis an gcreidiúnú baintear bacainní teicniúla roimh an trádáil trí inniúlacht a fhíorú de réir caighdeáin chomhchuibhithe i réimsí measúnaithe comhréireachta, a ligeann a dtorthaí do tháirgí agus seirbhísí na hÉireann teorainneacha a thrasnú gan gá le hatástáil ná le hathdheimhniú. Tugann sé rochtain ar mhargaí domhanda d'onnmhaireoirí na hÉireann. Chun é a chur i bhfocail eagraíochta creidiúnaithe, "cumasaíonn sé ár gcuid táirgí a dhíol go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, cothaíonn sé muinín custaiméirí as ár gcuid torthaí agus cabhraíonn sé lenár gcóras foirmiúil cáilíochta a chothú".

Cumasaítear Éire chun táirgí agus seirbhísí a thrádáil go saor i margaí Eorpacha agus idirnáisiúnta trí ról INAB mar shínitheoir na hÉireann ar chomhaontuithe creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta leis an gComhar Eorpach don Chreidiúnú (EA), an Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC), agus an Fóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (IAF).

Idir aithint idirnáisiúnta chóras creidiúnaithe na hÉireann agus chumhacht trádála an Aontais Eorpaigh, tugtar rochtain ar ardán mór trádála idirnáisiúnta d'fhiontar na hÉireann.

Is gnách go mbíonn creidiúnú agus aithint fhrithpháirteach an mheasúnaithe comhréireachta creidiúnaithe ina ngné thábhachtach i gcomhaontuithe trádála idirnáisiúnta (e.g. an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála [CETA] idir Ceanada agus an tAontas Eorpach), rud a léiríonn tábhacht mhéadaithe an chreidiúnaithe maidir le trádáil a éascú. Ós rud é go bhfuil an Bhreatain fós ina comhpháirtí tábhachtach trádála d'Éirinn, agus í freagrach as thart ar 8% d'iomlán na n-earraí a onnmhairíodh in 2020, beidh an creidiúnú agus na caighdeáin ag croílár na socruithe nua trádála leis an gcomharsa is gaire dúinn.

Deirtear sa tuarascáil **Working to Progress Ireland's Trade and Investment Objectives**[9] go bhfuil sé d'uaillmhian ag Éirinn ár gcumas chun earraí agus seirbhísí a dhíol ar mhargaí idirnáisiúnta a fheabhsú.

In Brexit Readiness Action Plan [10], cuirtear síos ar an gcaoi a dtiocfaidh caighdeáin agus creidiúnú chun bheith ina ngné níos tábhachtaí i gcomhthéacs na trádála idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.

# Táirgiúlacht agus feidhmíocht a neartú

Tá sé cruthaithe gur córas comhsheasmhach agus iontaofa atá sa chreidiúnú chun riosca a bhainistiú, agus chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht agus bainistíocht soláthróirí a fheabhsú. Agus an measúnú inniúlachta mar bhonn fúthu, baineann eagraíochtaí creidiúnaithe leas as toradh ar an infheistíocht sa chreidiúnú, agus clú agus inchreidteacht mhéadaithe agus táirgiúlacht fheabhsaithe ag cur le buntáiste iomaíoch a soláthar.

Is féidir le fiontair, beag beann ar a méid ná a n-earnáil ghnó, tairbhe a bhaint as an gcreidiúnú. Fócas de chuid na Straitéise seo is ea glacadh an chreidiúnaithe dhírigh i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a fhás, tionchar a imirt ar an mbeartas d'fhonn a chinntiú go mbíonn seirbhísí creidiúnaithe sainordaithe sa soláthar poiblí, agus cinntiú áit a roghnaíonn FBManna deimhniú a fháil, gur comhlacht deimhnithe creidiúnaithe a dhéanann é.

I staidéar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch (OECD) in 2019 tarraingíodh aird ar bhearna mhór idir táirgiúlacht FBManna agus gnólachtaí móra in Éirinn. Tá FBManna na hÉireann i bhfad taobh thiar de mheán an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbreisluach a chuireann siad leis an ngeilleagar i gcomparáid le fiontair níos mó.[12] Léiríodh leis an taighde deireanach san Iodáil [13] go bhfuil nasc díreach idir fiontair ag a bhfuil deimhniú creidiúnaithe, agus méadú ar tháirgiúlacht agus ar fheidhmíocht fostaithe.

Sa taighde sin rinneadh anailís ar fheidhmíocht eacnamaíoch fiontar deimhnithe agus neamhdheimhnithe. Bhí fiontair dheimhnithe ag a raibh níos mó ná 250 ball foirne 1.4% níos táirgiúla ná fiontair neamhdheimhnithe. Maidir le gnóthaí beaga, bhí fiontair dheimhnithe 18.8% níos táirgiúla ná fiontair neamhdheimhnithe.

Tá aird tarraingthe ag rialtas na hÉireann ar an tábhacht a bhaineann le táirgiúlacht a mhéadú leis an tuarascáil ón tascfhórsa ar FBManna [14] ina moltar caighdeáin agus córais cháilíochta a úsáid mar bhealach le cleachtais bainistíochta cáilíochta agus nuálaíochta a mhéadú. Agus an Straitéis seo á forbairt, leagadh béim san aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar thábhacht an chreidiúnaithe mar bhealach le feidhmíocht chomhsheasmhach agus éifeachtúil na bpróiseas inmheánach a chinntiú.

Tríd an Straitéis seo a chur i bhfeidhm, tugann creidiúnú arna sholáthar ag INAB deis iomaíoch d'fhiontair na hÉireann mar go bhfeabhsaítear cáilíocht agus éifeachtúlacht tháirgí nó sheirbhísí na hÉireann ar fud earnálacha sa gheilleagar.

**Sa straitéis Future Jobs Ireland 2019** [11], leagtar amach "táirgiúlacht FBManna a fheabhsú" mar príomhsprioc straitéiseach.

## An pobal a chosaint

Sásra tástáilte agus iontaofa atá i gcreidiúnú chun muinín an phobail a chothú as iontaofacht táirgí agus seirbhísí a mbíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar shláinte, sábháilteacht, leas agus slándáil daoine agus ar an gcomhshaol.

Is féidir le tomhaltóirí am a shábháil, costais a laghdú agus a neamhchosaint ar riosca a ísliú nuair a roghnaíonn siad soláthróir atá creidiúnaithe agus, dá bhrí sin, inniúil.

Cosnaíonn an creidiúnú leas an phobail go hoibiachtúil tríd an dearbhú a thabhairt go bhfuil soláthróirí earraí agus seirbhísí inniúil, agus ar an mbealach sin cothaítear muinín agus iontaoibh.

Spreagfaidh an Straitéis seo lucht déanta beartas náisiúnta chun an creidiúnú a úsáid agus cuspóirí á mbaint amach a mbíonn tionchar díreach acu ar chaighdeán na beatha i sochaí na hÉireann. Bíonn eagraíochtaí creidiúnaithe gníomhach cheana sa bheartas aeráide, sa cháilíocht bhia agus sa táirgeadh inbhuanaithe, i gcaighdeáin cúraim sláinte agus san éifeachtúlacht fuinnimh. Sprioc lárnach sa Straitéis seo is ea an deis feidhmiú an chreidiúnaithe a leathnú tuilleadh sna réimsí beartais sin, chomh maith le gníomhaíocht nua a aithint chun tairbhe shochaí na hÉireann.

## Beartas agus rialáil a fheabhsú

Tacaíonn measúnú comhréireachta creidiúnaithe le raon leathan de bheartas poiblí agus reachtaíocht, mar a gcuireann údaráis náisiúnta i bhfeidhm iad chun muinín a chothú as cáilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo tacú le rialáil níos fearr tríd na tairbhí atá le baint as an gcreidiúnú a aithint trí:

- dúbailt acmhainní poiblí a sheachaint,
- comhlíonadh a bhunú ar mheasúnuithe inniúlachta,
- ualaí riaracháin agus comhlíontachta ar fhiontair a íoslaghdú, agus
- bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.




7

# Torthaí straitéiseacha

## Sa Straitéis Creidiúnaithe leagtar amach sraith shoiléir de thosaíochtaí, spriocanna agus cuspóirí arb é an toradh a mbeidh orthu, nuair a bhaintear amach iad, ná torthaí dearfacha agus athrú iarbhír don chreidiúnú in Éirinn.



Leagann gach tosaíocht amach na torthaí measta chun an fhís straitéiseach a réadú, agus aithnítear go bhfuil ról lárnach ag an gcreidiúnú maidir le muinín a chothú as fiontair, gnó agus seirbhísí poiblí na hÉireann. Méadóidh feidhmiú an chreidiúnaithe agus an fheasacht faoi, agus cuirfidh comhlacht atá inniúil, sofhreagrúil agus ag a mbeidh na hacmhainní, creidiúnú náisiúnta ar fáil.

**Le cur i bhfeidhm rathúil na Straitéise Creidiúnaithe bainfear amach torthaí a bheidh bunaithe ar:**

- ✓ **Iontaoibh**
- ✓ **Muinín**
- ✓ **Inniúlacht**

Beidh **iontaoibh** ag an lucht déanta beartas, rialálaithe, fiontair agus úsáideoirí deiridh as eagraíochtaí a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí creidiúnaithe toisc go mbeidh a fhios acu go gcomhlíonann siad caighdeáin idirnáisiúnta.

Beidh **muinín** ag an rialtas, fiontair agus an tsochaí go mbeidh torthaí ó eagraíochtaí creidiúnaithe inchreidte agus iontaofa.

Beidh an **inniúlacht** riachtanach ag eagraíochtaí a fhaigheann agus a chothaíonn creidiúnú chun a ngníomhaíochtaí creidiúnaithe a dhéanamh.



# 8 An straitéis a chur i gcrích agus feidhmíocht a thomhas

## Cláir oibre

Beidh róil lárnacha ag INAB, HSA agus RFTF i gcur i gcrích rathúil na Straitéise Creidiúnaithe. Tá cur i gcrích na Straitéise seo ina chuspóir lárnach i Ráiteas Straitéise 2022–2024 de chuid HSA agus, mar sin, déanfaidh INAB, mar chuid de HSA maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm na gclár oibre bliantúil trína gcuirtear an straitéis seo i gcrích. Cuirfidh HSA/INAB na cláir oibre faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta lena n-athbhreithniú agus a fhaomhadh.


Cuimseoidh na cláir oibre gníomhartha agus príomhtháscairí feidhmíochta le haghaidh na bliana atá le teacht. Déanfar cinnte leis sin go mbeidh spriocanna inghnóthaithe trédhearcacha ag INAB, HSA agus RFTF a mbeifear in ann a bhaint amach agus go mbeidh siad in ann a gcuid acmhainní a athdhíriú go héifeachtach de réir mar a bheidh riachtanach, chun an Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích.

## Tomhas feidhmíochta

Beidh tomhas feidhmíochta ina uirlis ríthábhachtach chun rath na Straitéise Creidiúnaithe a mheas. Cuimseoidh na cláir oibre bhliantúla le haghaidh HSA/INAB gníomhaíochtaí agus táscairí lárnacha chun dul chun cinn agus torthaí a thomhas de réir spriocanna sonraithe na straitéise seo. Forbrófar agus foilseofar tuarascáil bhliantúil, ina dtabharfar taifead ar dhul chun cinn na Straitéise Creidiúnaithe.



*Cuimseoidh na cláir oibre bhliantúla le haghaidh HSA/INAB gníomhaíochtaí agus táscairí lárnacha chun dul chun cinn agus torthaí a thomhas de réir spriocanna sonraithe na straitéise seo.*



# **Aguisín I:**
# Forbairt na straitéise

## Rialachas


Cuireadh tús leis an Straitéis Creidiúnaithe a fhorbairt i mí na Samhna 2020 agus í á rialú ag coiste stiúrtha le hionadaithe ó Bhord agus foireann INAB, HSA agus RTFF.

*Bhí ról tábhachtach i dtreo na Straitéise seo ag an bhfaisnéis a tiomsaíodh ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ón gcomhairliúchán poiblí.*

## Céim na rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara

Le linn chéim an athbhreithnithe straitéisigh, bhí rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara trí fhormáidí éagsúla mar cheardlanna, agallaimh agus suirbhéanna. Fuarthas aiseolas trí idirghníomhú le níos mó ná 200 páirtí leasmhar i ngrúpaí éagsúla. Chuimsigh sé sin cliaint reatha agus iarchliaint INAB, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí creidiúnaithe idirnáisiúnta, foireann INAB, fostaithe HSA, agus ionadaithe ar bhord INAB agus ar bhord HSA.

Chomh maith le sin, stiúir INAB próiseas comhairliúcháin phoiblí le linn chéim an athbhreithnithe straitéisigh, agus fuarthas ionchur ón bpobal. Bhí ról tábhachtach i dtreo na Straitéise seo ag an bhfaisnéis a tiomsaíodh ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ón gcomhairliúchán poiblí. Thuig páirtithe leasmhara an mhuinín a cothaíodh as a gcuid seirbhísí a bheith creidiúnaithe, agus d'aithin siad gairmiúlacht agus inniúlacht fhostaithe INAB.



## An chéim anailíseach

Rinneadh anailís LLDB (láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí) ar an bhfaisnéis agus na sonraí a bailíodh, chomh maith le hanailís PESTLE (polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíoch, dlíthiúil agus timpeallachta). Bhí na haschuir ón gcéim anailíseach sin mar bhonn eolais do na téamaí lárnacha le haghaidh chéim an athbhreithnithe agus chun na tosaíochtaí agus na cuspóirí a shocrú.

## Céim an athbhreithnithe straitéisigh

Bhí an fhaisnéis a bailíodh tríd an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara mar bhonn eolais faoi fhorbairt na ngnéithe lárnacha den Straitéis Creidiúnaithe.

Ba mhaith le INAB buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt sa phróiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara as a n-ionchur luachmhar sa chéad Straitéis Creidiúnaithe de chuid na hÉireann. Léiríonn na torthaí straitéiseacha comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara, agus cuimsítear tuilleadh cuspóirí oibriúcháin i bplean mionsonraithe INAB don chur i bhfeidhm.

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, is iad na deiseanna is fearr a aithnítear don chreidiúnú as seo go ceann cúig bliana ná:

- infheictheacht bhranda níos fearr a chruthú agus tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn níos fearr,
- feasacht phoiblí a mhéadú maidir le conas a fheabhsaíonn an creidiúnú cáilíocht agus sábháilteacht táirgí agus seirbhísí,
- clú an chreidiúnaithe chomh maith le feasacht air a fheabhsú trí ionadaíocht mhéadaithe ar leibhéal AE agus náisiúnta,
- rochtain ar an gcreidiúnú a fheabhsú
- leas a bhaint as deiseanna atá ar fáil mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach,
- tuiscint agus feasacht an phobail ar dhearbhú cáilíochta i gcóras cúraim sláinte na hÉireann a chur chun cinn, agus
- tacú le soláthróirí creidiúnaithe i gconarthaí atá maoinithe go poiblí.

I measc na léargais eile a fuarthas ónár gcuid cliant bhí:

- cumas a athbhreithniú chun INAB a mhéadú,
- méid agus raon na seirbhísí atá ar fáil a leathnú,
- úsáid na réiteach teicneolaíochta ag INAB a fheabhsú,
- rannpháirtíocht cliant lasmuigh de phróiseas teicniúil an chreidiúnaithe a mhéadú,
- eolas earnála intí INAB a mhéadú chun nach mbeifí ag brath an iomarca ar acmhainní seachtracha, agus
- béim chothrom straitéiseach agus oibriúcháin a chinntiú in INAB.

## Réamhthaighde

Le linn chéim an athbhreithnithe straitéisigh den fhorbairt, tugadh faoi réamhthaighde ar na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta féideartha a ghabhann leis an gcreidiúnú. Cé gur thacaigh an taighde sin leis an Straitéis Creidiúnaithe, léirigh sé freisin an gá le hinfheistiú i dtaighde agus anailís sna cúig bliana atá romhainn agus aithníodh é sin mar phríomhsprioc agus mar phríomhchuspóir le baint amach.





# Aguisín II: Ábhar tagartha

## Eagraíochtaí a ndéantar tagairt dóibh

| Acrainm | Eagraíocht agus teagmhálaí |
|---|---|
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh (www.cso.ie) |
| **EA** | Comhar na hEorpa um Chreidiúnú (www.european-accreditation.org) |
| **HSA** | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (www.hsa.ie) |
| **IAF** | An Fóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (www.iaf.nu) |
| **ILAC** | Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (www.ilac.org) |
| **INAB** | Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (www.inab.ie) |
| **OECD** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (www.oecd.org) |
| **RFTF** | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (www.enterprise.gov.ie) |

## Sainmhínithe

| Téarma gluaise | Brí |
|---|---|
| Bonneagar náisiúnta cáilíochta | Líonra eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, i dteannta leis na beartais, an creat ábhartha dlí agus rialála, agus cleachtais a theastaíonn chun tacú le cáilíocht, sábháilteacht, agus sláine chomhshaoil earraí, seirbhísí agus próiseas agus iad a fheabhsú |
| Comhaontú Iltaobhach | Comhaontú sínithe idir Baill Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú (EA) trína n-aithníonn agus a nglacann na sínitheoirí le coibhéise na gcóras creidiúnaithe a oibríonn na baill sínithe, agus freisin iontaofacht thorthaí an mheasúnaithe comhréireachta a sholáthraíonn CMCanna arna gcreidiúnú ag na baill sínithe. |
| Comhlacht measúnaithe comhréireachta (CMC) | Eintitis a sholáthraíonn seirbhísí tástála, calabraithe, fíoraithe, deimhnithe nó cigireachta |
| Creidiúnú | Measúnú neamhspleách ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (CMCanna) de réir caighdeáin aitheanta chun a neamhchlaontacht agus a n-inniúlacht a chinntiú chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, ar nós trialacha, calabruithe, cigireachtaí agus deimhnithe |
| Measúnú comhréireachta | Próisis a úsáidtear chun a léiriú go gcomhlíonann táirge, seirbhís nó córas bainistíochta, nó comhlacht ceanglais shonraithe a leagtar amach i gcaighdeáin nó reachtaíocht |

## Reachtaíocht

| Uimh. Thagartha | Teideal |
|---|---|
| 1 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 arna leasú ag an Acht um Fhorbairt Tionsclaíoch (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014 (www.irishstatutebook.ie) |
| 2 | Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32008R0765 |

## Tuarascálacha agus ailt tagartha

| | |
|---|---|
| 3 | *Quarterly Economic Commentary, Summer 2021*, ESRI. Ar fáil ar: https://www.esri.ie/publications/quarterly-economic-commentary-summer-2021 |
| 4 | *Ensuring Quality to Gain Access to Global Markets:* A Reform Toolkit, Grúpa an Bhainc Dhomhanda. Ar fáil ar: https://thedocs.worldbank.org/en/doc/249621553265195570-0090022019/original/FullQIToolkitReport.pdf |
| 5 | *The link between productivity growth and living standards.* An Institiúid um Beartas Eacnamaíoch, 2000. Ar fáil ar: https://www.epi.org/publication/webfeatures_snapshots_archive_03222000/ |
| 6 | Eisiúint staidrimh CSO. Ar fáil ar: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/gei/goodsexportsandimportsdecember2020/ |
| 7 | EU position in world trade: Ar fáil ar: EU position in world trade – European Commission (europa.eu) |
| 8 | *REPORT FROM THE COMMISSION TO THE EUROPEAN PARLIAMENT, THE COUNCIL AND THE EUROPEAN ECONOMIC AND SOCIAL COMMITTEE* on the implementation of Regulation 765/2008. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52017DC0789&rid=4 |
| 9 | *Working to Progress Ireland's Trade and Investment Objectives*, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ar fáil ar: https://enterprise.gov.ie/en/Publications/DBEI-Working-to-Progress-Ireland%E2%80%99s-Trade-and-Investment-Objectives.html |
| 10 | *Preparing for the End of the Transition Period: Brexit Readiness Action Plan, September 2020.* Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar: https://www.dfa.ie/media/dfa/eu/brexit/keydocuments/Brexit-Readiness-Action-Plan.pdf |
| 11 | *Future Jobs Ireland 2019: Preparing Now for Tomorrow's Economy.* An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ar fáil ar: https://www.enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Future-Jobs-Ireland-2019.pdf |
| 12 | *SME and Entrepreneurship Policy in Ireland*, Caibidil 7. SME Productivity in Ireland, OECD, 2019. Ar fáil ar: https://www.oecd-ilibrary.org/sites/66472c4f-en/index.html?itemId=/content/component/66472c4f-en |
| 13 | *Accreditation and certifications. Economic value and social benefits.* Ar fáil ar: https://www.accredia.it/en/pubblicazione/accreditation-and-certifications-economic-value-and-social-benefits/ |
| 14 | *Report of the SME Taskforce: National SME and Entrepreneurship Growth Plan.* An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/publication/e19ff-report-of-the-sme-taskforce-national-sme-and-entrepreneurship-growth-plan/ |

Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú
Irish National Accreditation Board

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority